Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2022
(OR. en)

14999/22

STAT 37
FIN 1245
INST 418

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le hInstitiúidí AE agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú<br>- Formheas |

1. An 1 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 dar teideal 'Institiúidí AE agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú'[1].

2. I gcomhréir leis na socruithe a shainítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[2], thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um na Rialacháin Foirne[3] an tuarascáil thuasluaite ón gCúirt Iniúchóirí a scrúdú.

[1] Féach 12103/22. Tá an Tuarascáil Speisialta ar fáil in 24 theanga de chuid an Aontais ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http:/eca.europa.eu.
[2] Féach 7515/00 + COR 1.
[3] Féach 12104/22.

3. Rinne an Mheitheal um na Rialacháin Foirne scrúdú ar na tograí ón Uachtaránacht le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil sin ag na cruinnithe a bhí aici i ndiaidh a chéile an 5 agus an 24 Deireadh Fómhair 2022. Ag an gcruinniú deireanach, dhearbhaigh an Mheitheal go n-aontaíonn sí leis an gcomhréiteach críochnaitheach ón Uachtaránacht mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

**<u>Iarscríbhinn</u>**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**Uimh. 18/2022 i ndáil le hInstitiúidí AE agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Institiúidí AE agus COVID-19 agus na moltaí atá inti mar rannchuidiú luachmhar leis an meastóireacht ar athléimneacht institiúidí an Aontais le linn phaindéim COVID-19 agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé tuilleadh céimeanna a thabhairt chun feabhas a chur ar a n-ullmhacht freastal ar aon rioscaí a thiocfaidh as aon ghéarchéim shuaiteach neamh-intuartha amach anseo;

2. TUGANN SÍ A SÁSTACHT FHORIOMLÁN DÁ hAIRE go bhfuil na freagairtí meara éifeachtacha curtha ar fáil ag údaráis inniúla institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu, lenar ceadaíodh leanúint dá n-oibríochtaí, agus a d'fhág go rabhthas in ann a bpríomhghníomhaíochtaí a chomhlíonadh ar an leibhéal céanna in ainneoin na mórdhúshlán a d'eascair as an bpaindéim;

3. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí dílse na seirbhísí an tsláinte a chaomhnú ina dtimpeallacht ghnó agus an dea-bhail a chur chun cinn le linn phaindéim COVID-19, go háirithe trí shocruithe nua oibre, lena n-áirítear deiseanna breise teilea-oibre, agus a ndualgas cúraim á saothrú acu;

4. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais cur isteach fadtéarmach agus comhar idirinstitiúideach a áireamh ina bpleananna leanúnachais gnó d'fhonn caighdeáin agus sreabha oibre iomchuí a ghlacadh agus an comhordú is dlúithe is féidir a áirithiú ina bhfreagairtí gan dochar dá neamhspleáchas institiúideach;

5. MOLANN SÍ dóibh leanúint den mheastóireacht ar leordhóthanacht agus oiriúnacht na socruithe teilea-oibre (idir rialta agus ócáideach) sa timpeallacht iar-COVID, chun creat solúbtha a chur ar fáil d'infhaighteacht foirne i ngnáth-imthosca agus in imthosca eisceachtúla faoi seach;

6. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais tógáil ar an taithí a fuair siad le linn ghéarchéim COVID-19 agus an digitiú a shaothrú trí shreabha oibre gan pháipéar a thabhairt isteach, úsáid sínithe leictreonacha agus sonrascú leictreonach a leathnú;

7. IARRANN SÍ ar institiúidí AE dlúthfhaireachán a dhéanamh agus tuairisciú go comhsheasmhach ar thionchar buiséadach na mbealaí nua oibre, go háirithe, d'fhoirgnimh agus do threalamh TF (nótaí, scáileáin, uirlisí físchomhdhála, etc.), agus lánurraim á tabhairt d'uasteorainneacha CAI 2021-2027 agus gach deis á húsáid acu chun coigiltis bhreise a bhaint amach a eascraíonn as infheistíochtaí TF ina n-oibríochtaí agus as sineirgí digiteacha idir institiúidí, amhail ó éifeachtúlachtaí a fuarthas agus ó rannpháirtíocht chianda trí fhíschomhdháil;

8. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na mbealaí nua oibre in institiúidí an Aontais agus tosaíocht a thabhairt dó mar chuid dá straitéisí tógála agus glasaithe fadtéarmacha.